



| | |
|-------------------------------------|--|
| Title | Oidhreacht Na Lámhscríbhíní Gaeilge: Roinnt Seod i Leabharlann an Ruiséalaigh, Má Nuad |
| Authors(s) | Ní Úrdail, Meidhbhín |
| Publication date | 2018-04-06 |
| Publication information | Ní Úrdail, Meidhbhín. "Oidhreacht Na Lámhscríbhíní Gaeilge: Roinnt Seod i Leabharlann an Ruiséalaigh, Má Nuad" 48 (April 6, 2018). |
| Publisher | National University of Ireland |
| Item record/more information | http://hdl.handle.net/10197/9437 |

Downloaded 2023-03-15T17:09:45Z

The UCD community has made this article openly available. Please share how this access benefits you. Your story matters! (@ucd_oa)



© Some rights reserved. For more information

OIDHREACTH NA LÁMHSCRÍBHINNÍ GAEILGE: ROINNT SEOD I LEABHARLANN AN RUISÉALAIGH, MÁ NUAD*

MEIDHBHÍN NÍ ÚRDAIL

Bhain mórán sruthanna le taighde an Mhoinsíneora Pádraig Ó Fiannachta (1927–2016) a choimeád muilte na scoláireachta acadúla ag meilt, ina measc a chuid taighde ar lámhscríbhinní na Gaeilge. Ní hamháin gur chreid sé gurbh iad seo tobar luachmhar ár n-oidhreachta náisiúnta, ach d'fhéadfadh scoláirí eile i ngort an Léinn Cheiltigh a bheith ag taoscadh as an tobar céanna a bhuíochas ar an obair thábhachtach chláraithe agus innéacsaithe a chuir sé i gcrích. Thug sé ‘an Ghaeltacht eile’ ar a bhfuil d’ábhar sna lámhscríbhinní agus ceataí mhór d’eagrú litríocht na Gaeilge trí chéile, dar leis, na lámhscríbhinní a bheith gan clárú:

Lámhscríbhinní mar iad seo an Ghaeltacht eile atá againn agus cuid an-luachmhar dár n-oidhreacth iad. Creidim gur geall le hurrús ar ár n-oidhreacth liteartha clárú ár lámhscríbhinní. Ina theannta sin ní féidir dúinn eolas iomlán a chur ar an oidhreacth chéanna gan na foinsí féin a bheith ar a laghad cláraithe. Ba dheacair, ar ndóigh, lámhscríbhinn a dhul amú dá mbeadh clár di foilsithe—cé gur tharla a leithéid (Ó Fiannachta 1995a: 38).

Do chuaigh an Moinsíneoir in urrús ar an oidhreacth chéanna nuair a chrom sé i dtosach báire ar lámhscríbhinní Gaeilge a institiúide féin a chlárú beagán blianta tar éis a cheaptha mar Léachtóir le Breatnais i gColáiste Phádraig, Má Nuad, i mbliain a 1959 (Corish 1995: 349). Dar ndóigh, is ag tógaint ar an obair a thosnaigh an tAthair Pól Breathnach (1885–1941) a bhí sé, obair a foilsíodh sa mbliain 1943 i gcéad imleabhar de chlár lámhscríbhinní Gaeilge an Choláiste. Chuir an Fiannachtach cúig imleabhar ar fad amach idir na blianta 1965 agus 1969—i dteannta Phádraig Uí Mhaoileachlainn (*ob.* 1973)¹ a chuir sé an cúigiú

* Tá buíochas ar leith agam ar Barbara McCormack agus ar Audrey Kinch, Roinn na Sainchnuasach agus Cartlainne i Leabharlann an Ruiséalaigh, as a geuid cabhrach agus an aiste seo á réiteach agam. Táim thar a bheith buíoch, leis, den Dr Roibeárd Ó hÚrdail as a thuairim mheáite uirthi a roinnt go fial liom.

1 Ceapadh an Moinsíneoir Pádraig Ó Maoileachlainn, *alias* Patrick J. McLaughlin, ina Ollamh le Fisic Thurgnamhach i gColáiste Phádraig (1928) agus ina Leas-Uachtarán ar an gColáiste ina dhiaidh sin (1951). Sna blianta 1942–57 bhí sé ina choimeádaí ar Mhúsaem an Choláiste agus

ceann amach—agus is in ómós dá oide léinn, an tAthair Donnchadh Ó Floinn (1902–68), ‘a mhúin dom grá do Léann na Gaeilge’ (Ó Fiannachta 1965: [i]), a thíolaic sé an chéad cheann acu seo. Lean ansan uaidh dhá imleabhar innéacs ar an gclár ina iomláine, 1972–73. Mar chuid den obair shubstaintiúil seo, tá tuairisc ar na trí bhailiúcháin thábhachtacha atá ar coimeád inniu i Leabharlann an Ruiséalaigh, Má Nuad, i.e. bailiúchán Sheáin Uí Mhurchú, Easpag Chorcaí (1815–47), bailiúchán Eoghain Uí Chomhraí (1794–1862), mórscoláire an Léinn Cheiltigh, agus bailiúchán Labhráis Uí Reineacháin, staraí eaglasta agus uachtarán Choláiste Phádraig (1845–57). Uime sin, tá cuntas sa chlár céanna ar an seacht lámhscríbhinn a bhronn an tAthair Liam Ó Huallacháin ó dheoise Rois ar Choláiste Phádraig i mbliain a 1942 (Ó Fiannachta 1967: 136–8).

Tháinig fáiltas nua eile an treo go dtí Leabharlann an Ruiséalaigh, cuid acu faid is a bhí an clárú ar lámhscríbhinní Gaeilge ar siúl ag an Moinsíneoir. Bhí foinsí ann nár bhain le haon chnósach ar leith agus bhaist sé ‘Lámhscríbhinní Breise’ orthu san. Chuir sé tuairisc ar fáil ar chúig cinn déag acu ina chatalóg (Ó Fiannachta 1967: 110–35; Ó Fiannachta 1969: 87–98; Ó Fiannachta 1972: 14–16; Ó Fiannachta 1973: 203). D’fhoilsigh sé cuntas ar shé cinn breise eile fós a bronnadh ar an Leabharlann tamall de bhliantaibh tar éis dá chatalóg a theacht amach (Ó Fiannachta 1980a: 31–5; Ó Fiannachta 1980b: 174–8; Fiannachta 1993a).² Fágadh cúig lámhscríbhinn ón naoú céad déag le huacht ag an Leabharlann tar éis bhás a n-únaera, an Moinsíneoir Dónall Ó Riada, Trá Lí, sa mbliain 1966 (Ó Fiannachta 1969: 99–107). Thug Seán Mac Fhlannchadha ó Inis Díomáin cúig lámhscríbhinn dá chuid féin ón ochtú céad déag ar iasacht don Leabharlann sa mbliain 1970 agus luigh an Fiannachtach amach ar iad san a chlárú. D’fhill uimhir a haon thar n-ais ar Cho. an Chláir ach d’fhan an farasbarr (Ó Fiannachta 1972: 7–13). Idir 1970 agus 1975, bhronn an Moinsíneoir Réamonn Ó Muireadhaigh (Ó Muirí), Ard Mhacha, ceithre lámhscríbhinn eile fós de chuid an ochtú agus an naoú céad déag ar Choláiste Phádraig agus é sin in ómós don tsáróibair ar chlárú lámhscríbhinní na hinstiúide a bhí déanta ag an Moinsíneoir Ó Fiannachta (cf. Ó Muireadhaigh 1974: 260). A bhúiochas ar an dá Mhoinsíneoir, is fíor, tá cuntas curtha ar fáil orthu seo go léir, i.e. LM 1–2 (Ó Muireadhaigh 1969; Ó Muireadhaigh

tháinig Pádraig Ó Fiannachta i gcomharbacht ansan air, dualgas a bhí air siúd go dtí an bhliain 1973. I mbliain a 1960, d’fhill an Moinsíneoir Ó Maoileachlainn ar a dheoise dhúchais, Ráth Bhoth, mar ar oibrigh sé mar shagart paróiste i gCarraig Airt agus, i ndeireadh a shaoil, i Leifear, Co. Dhún na nGall (Gan ainm 1960; Corish 1995: 469).

2 Tá lámhscríbhinn eile fós curtha leis an méid seo ó shin, i.e. LS B 22, a bhronn an tAthair Pádraig Pléimeann MSC, Coláiste an Chroí Naofa, Carraig na bhFear, Co. Chorcaí, ar an Leabharlann in Iúil na bliana 1998. Bailiúchán de bhileoga fáin is ábhar di, cuid acu le Donnchadh Ó Floinn (c.1760–1830) ó Chorcaigh, 1820–21 agus 1830, ina measc gearrchuntas ar stair mhuintir Fhloinn agus *Beatha Phádraig* (blogh) ó *Leabhar Leasa Móir*.

1970: 397–8; Ó Fiannachta 1972: 13–14; Ó Fiannachta 1973: 203–4); LM 3 (Ó Fiannachta 1973: 204); LM 4 (Ó Muireadhaigh 1974³).

Ó shin i leith tugadh foinsí éagsúla ar buaniasacht do Leabharlann an Ruiséalaigh, rud a thaispeáineann dúthracht an Fhiannachtaigh a bhain amach iad agus an teist a bhí air mar dhuine a thug a gceart do lámhscríbhinní Gaeilge na tíre seo. Bhronn Tadhg Ó Coileáin, garda síochána sa Daingean, dhá lámhscríbhinn ón naoú céad déag ar an Leabharlann i mbliain a 1976 (Ó Fiannachta 1980a: 27–31). Fé bhun deich mbliana ina dhiaidh sin, bronnadh cúig cinn ar an Moinsíneoir le cur ar coimeád sa Leabharlann i dtaca le dhá cheann (lámhscríbhinní Luimnigh) leis an scríobhaí iomráiteach Seosamh Ó Longáin (1817–80) a luafar thíos (Ó Fiannachta 1986). Fuair an Leabharlann dhá cheann eile fós ón naoú céad déag ar iasacht go buan a bhí tráth i seilbh Phádraig Ághas (*ob.* 1966), oide scoile sa Dún Beag, Co. an Chláir (Ó Fiannachta 1988).

Agus lámhscríbhinní Gaeilge i gColáiste Phádraig, Má Nuad, fé chaibidil againn, níorbh fhéidir dúinn gan trácht ar an líon díobh a bhí tráth ar sábháil i Leabharlann an Ruiséalaigh agus a bhfuil cuntas ag an Moinsíneoir Ó Fiannachta orthu: tá na ceithre lámhscríbhinní déag de chuid an ochtú agus an naoú céad déag a bhíodh i seilbh an Athar Lorcáin Ó Muireadhaigh, *alias* ‘Muireadhach Méith’ (*ob.* 1941), agus a bhí ina dhiaidh sin ar iasacht sa Leabharlann le cead ón gCairdinéal Tomás Ó Fiaich (1923–90) ba chaomhnóir orthu (Ó Fiannachta 1969: 108–31). Tá dhá cheann eile fós a thug an Cairdinéal féin ar iasacht go seasmhach don gColáiste, ceann acu, téacs *Beatha Phádraig* ón ochtú haois déag, i dteannta le portús Laidine, é maisithe go gleoite agus a bhaineann, b’fhéidir, leis an gcúigiú haois déag (Ó Fiannachta 1969: 132–4). Bhíodh, leis, na deich lámhscríbhinní i genósach an Athar Lúcas Ó Domhnalláin (1878–1952) ar coimeád sa Leabharlann (Ó Fiannachta 1980a: 1–19⁴). Agus, tá dhá imleabhar ón ochtú agus ón naoú haois déag a bhain tráth le cnósach an Mhoinsíneora Séamas Ó Laifearthaigh (1828–1906), Ard Mhic Nasca, Co. an Dúin, agus a bhí ar buaniasacht sa Leabharlann ina dhiaidh sin (Ó Fiannachta 1980a: 20–5). Tá na foinsí réamhráite seo go léir aistrithe ó shin ó Leabharlann an Ruiséalaigh go dtí Leabharlann agus Cartlann

3 Cóip de *Eachtra Chonaill Gulban* agus blogh de *Eachtra Bhodach an Chóta Lachtna* is ábhar don lámhscríbhinn seo a bhreac Tadhg Ó hAirmhneadh ‘a nUibh Breacain’, Co. an Chláir, 1766; níl sí ar iarraidh in aon chor ó Leabharlann an Ruiséalaigh (*pace* Ó Muirí 2011: 72).

4 D’áitigh Pádraig de Brún (1988: 25, n. 41) nach ionann LS 14 (Ó Fiannachta 1980a: 19–20) agus an bhunimhir 14 i mbailiúchán an Athar Uí Dhomhnalláin, i.e. LS 9 i genósach an Athar Lorcáin Ó Muireadhaigh, a bhfuil cuntas ag an Moinsíneoir Ó Fiannachta uirthi seo chomh maith (1969: 120–6); cf. ‘The true “Don 14”, as one might say, is catalogued by him [an Moinsíneoir] in Fascúil VI, *Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig Má Nuad* under MF9’ (Ó Muirí 2011: 70).

Chuimhneacháin an Chairdinéil Tomás Ó Fiaich, Ard Mhacha (Ó Muirí 2011: 68–72), a osclaíodh go hoifigiúil i mbliain a 1999.⁵

Más substaintiúil le duine an méid sin féin mar éacht oibre ar fhoinsí atá fós, agus a bhíodh tráth, i gColáiste Phádraig, Má Nuad—agus níl aon amhras ná gurbh obair éachtach í—níor chuaigh aon stad ar an Moinsíneoir de bheith i mbun cuntaisí ar lámhscríbhinní i mbaill eile. A thúisce is a cuireadh dhá lámhscríbhinn Ghaeilge ón naoú céad déag i gCartlann Dheoise Chiarraí ar na súilibh dó, cuirim i gcás, chuir sé cuntas foilsithe ar fáil orthu (Ó Fiannachta 1969–70). Díol breise suime is ea é gur tháinig sé ar lámhscríbhinn ón seachtú céad déag nach raibh aon tuairisc uirthi go dtí gur labhair bean óg de mhuintir Ghail Duibh amach i gcaitheamh léachta dá chuid á rá go raibh an lámhscríbhinn féin i seilbh phríobháideach a muintire i mBéal Átha Gabhann, Tiobraid Ára (Ó Fiannachta 1987a: 188; Ó Fiannachta 1993b: 181; Ó Fiannachta 1995a: 37). Ba léir dó, tar éis iniúchadh a dhéanamh uirthi, gur dhá lámhscríbhinn ar leith ó cheart a bhí anseo aige, ceann ón naoú céad déag le scríobhaí anaithnid a bhí fé ‘scáth’ an chinn eile a bhreac Seán Gall Dubh, 1645, chomh maith le dhá dhuilleog mhóra páir as Leabhar Aifrin ón tréimh nó ón gceathrú céad déag (Ó Fiannachta 1984). Ba léir dó, leis, ó fhianaise na peannaireachta, gurbh é Seán Gall Dubh scríobhaí LS 59 i mbailiúchán Uí Chomhraí agus go raibh, dá réir, formhór dá raibh in easnamh ar *D’imtheachta Generodeis* sa lámhscríbhinn úd tagtha chun solais anois. D’fhoilsigh sé go grod ina dhiaidh sin eagrán den scéal rómánsúil seo, leagan Gaeilge ar insint Bhéarla, de dhealramh (Ó Fiannachta 1987a). Eachtra ann féin is ea an méid sin ar fad, dar ndóigh, ach ní hé sin amháin é mar go léiríonn sé go bhféadfadh lámhscríbhinn ó láimh fhir léinn a bhí suas i gcéad leath an seachtú céad déag a bheith fós inniu i seilbh a mhuintire ceithre chéad bliain, geall leis, tar éis a scríbhte.

Nuair a luigh Pádraig Ó Fiannachta chun na hoibre ar an mbarántas fileata sna 1970aí groda thuig sé a thábhachtaí a bhí sé dósan mar eagarthóir aon chóipeanna ar marthain a chur san áireamh. Spreag an seasamh san é chun catalóg shubstaintiúil eile a chur amach ar a raibh de lámhscríbhinní Gaeilge i leabharlanna na cléire agus i mionchnósaigh eile ar fuaid na tíre (Ó Fiannachta 1978a; Ó Fiannachta 1980a; Ó Fiannachta 1983). Tá a fhios againn le tamall maith de bhliantaibh anuas gur ghá cúinsí caomhnaithe níos oiriúnaí a réiteach dóibh seo agus ghlac Leabharlann an Ruiséalaigh le leathchhead lámhscríbhinn ó Choláiste Cholmáin, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí, i Lúnasa na bliana

⁵ Deireadh Fómhair 2003 an dáta atá ar taifead i Roinn na Sainchnuasach agus Cartlainne i Leabharlann an Ruiséalaigh don aistriú féin (cf. Keegan 2017: 22, n. 6), ach is cosúil nár bhain na lámhscríbhinní seo a gceann scríbe deiridh ó thuaidh amach go dtí an bhliain 2006 (Ó Muirí 2011: 70).

2013—rud a d’ardódh croí an té a chuir catalóg díobh seo ar fáil i gcéad uair (Ó Fiannachta 1978a: 58–175).

Ar aistriú chun an Daingin mar shagart paróiste dhó i mbliain a 1992, bhí an Moinsíneoir fós ag déanamh cúraim de lámhscríbhinní Gaeilge: d’fhoilsigh sé tuairisc ar dhíolaim shubstaintiúil filíochta agus amhrán leis an gCláiríneach, Mícheál Ó hAnnracháin, 1862, lámhscríbhinn a dtáinig sé uirthi sna nóchaidí láir (Ó Fiannachta 1995b: 136–44). I seilbh an Athar Pádraig Ó Colgáin, iarshagart paróiste Charraig an Chabhaltaigh, Co. an Chláir, atá an lámhscríbhinn seo fós inniu agus bhí sí i seilbh a mhuintire le cúpla glúin roimis seo. Fairis sin, tá cuntaisí againn uaidh ar fhoinsí lasmuigh den tír. Le linn dó a bheith sa Róimh sa mbliain 1967, mar shampla, d’éirigh leis ceithre lámhscríbhinn de chuid an ochtú agus an naoú céad déag i gColáiste na nGael a scrúdú ‘faoi scáth an Lateran’ agus d’fhoilsigh sé toradh a chuid oibre an bhliain dar gcionn (Ó Fiannachta 1968).⁶ Tá tuairisc ina theannta san aige ar lámhscríbhinn Ghaeilge de chuid an naoú céad déag in Ollscoil Notre Dame, Indiana (Ó Fiannachta 1987b).

Go dtí an beagán beag eisceachtaí, is le tréimhse iarchlasaiceach na Gaeilge, i.e. leis an ochtú agus leis an naoú céad déag, a bhaineann formhór mór na bhfoinsí ar fad thuas a bhfuil tuairisc curtha ar fáil orthu ag Pádraig Ó Fiannachta. Go deimhin, bheadh súil ag duine leis sin, is dócha, nuair a chuimhnímid air gur ón tréimhse chéanna san a thagann an chuid is mó de na lámhscríbhinní atá tagtha anuas inniu chugainn. Dá réir sin, is féidir a mhaíomh go mbeimísne dall go maith ar chuid thábhachtach de litríocht na Gaeilge murach ar chuir an Fiannachtach d’eolas luachmhar sna lámhscríbhinní ar fáil dúinn. Ag soláthar eochrach a bhí sé mar chláraitheoir: chuir sé ar ár gcumas-na na glais a oscailt agus ábhar luachmhar a léamh mar gheall ar stair na hÉireann agus an Ghaeil trí chéile. Agus, fiú má dúirt sé nach bhfuil ‘i gcláir ach *instrumenta*, sás cabhraithe le scoláirí ag cur eagair ar ár litríocht’ (Ó Fiannachta 1972: 5), nó fós nach ‘raibh uaimse go pearsanta ach go bhfaigheadh gach lámhscríbhinn mhór nó bheag, ársa nó dhéanach, nead cluthair sábhálta agus go bhfoilseofaí tuairisc uirthi gan mhoill’ (Ó Fiannachta 1993b: 184), nach mó de léargas ar fhlaithiúlacht agus ar umhlaíocht scolártha an fhir féin an méid sin? Caomhnadh, más ea, agus téacsáí lámhscríbhinne a theasargan ar mhaithe le saibhreas na litríochta Gaeilge, ba chás i gcónaí leis.

Bhain gné dhaonna lena ghnó chomh maith, is fíor, fé mar is léir ón méid seo:

Ceird an-daonna í ceird an chláraithe. Buaileann tú le scríobhaithe léannta agus le scríobhaithe ar bheagán léinn, le scríobhaithe ar údair iad agus

6 Cúig lámhscríbhinn ar fad atá i seilbh an Choláiste agus tá cuntas ar an gcúigiú ceann acu seo ag Mac Fhinn (1924: 44) ach nach bhfuil LS 3 curtha san áireamh aige siúd anseo.

le scríobhaithe nach mbreacfadh as a stuaim féin ach colafan simplí leithscéalach. Bíonn a lán staire ag baint fiú le hiarlais dhreoirte—bíonn rian fliúcháin [*sic*] de shórt eile, agus scribeáil úinéirí agus léitheoirí le feiceáil orthu (Ó Fiannachta 1995a: 40).

Agus amach sa chuntas céanna, bhí sé seo le háiteamh aige:

Níl an taitneamh atá ag baint le léamh lámhscríbhinní ag brath ar an ábhar féin amháin, ach ar phearsa agus ar chúinsí an scríbhneora leis. Is féidir timpeallacht an scríbhneora a shamhlú go minic le cabhair leidí de gach sórt, agus is féidir smaoinreamh ar na léitheoirí iomadúla a chaith na ciumhaiseanna le síorléamh agus ar na héisteoirí ina dtimpeall sna botháin; ansin cuimhneamh ar na fraitheacha faoina bhfuair cuid acu an díon nach raibh róshásúil, rud a d’fhág go minic rian fliucháin agus taise orthu go dtí an lá inniu féin (Ó Fiannachta 1995a: 46–7; cf. Ó Fiannachta 1993b: 198).

Is follas, mar sin, gur chreid sé go raibh a scéal féin ag gach aon lámhscríbhinn dá dhreoirteacht nó dá chaite a cuma. Ar a shon san is uile, níorbh fhéidir an té a chuaigh i mbun a scríbhthe a fhágaint as an áireamh, ná a dála ná an timpeallacht dar dhi í ach chomh beag.

Tá céad is a sé lámhscríbhinn Ghaeilge ar fad i mbailiúchán Eoghain Uí Chomhraí i Leabharlann an Ruiséalaigh agus de réir Leabhar Iontaobhaithe Choláiste Phádraig don mbliain 1881–1921 (B2/1/2), socraíodh go mbainfidís seo an Coláiste amach ar 19 Meitheamh, 1906.⁷ Bhí cur amach ar leith ag an Moinsíneoir Ó Fiannachta ar LS C 1 sa bhailiúchán, lámhscríbhinn páipéir ón séú céad déag, ó chuir sé eagar ar théacs *Táin Bó Cúailnge* inti seo (Ó Fiannachta 1966a), i.e. athleagan I den *Táin* don chuid is mó ach go bhfuil, leis, blúiríocha téacs a ó athleagan II ann. ‘*Táin Bó Fiannachta*’ a thugadh comhghleacaithe ‘an tseomra chaifé’ go ceanúil ar an eagrán seo ina dhiaidh sin (Ó Fiannachta 1993b: 180)! Dob é Iollann Buide Ó Maolchonaire an scríobhaí agus bhreac sé an téacs san Ardchoill i gCo. an Chláir i mbliain a 1587. Is cosúil gurbh ionann

⁷ *Pace* Ó Fiannachta 1993b: 185–6 agus Ó Fiannachta 1995a: 40. Bhí fúioill áir lámhscríbhinní Uí Chomhraí ar sábháil i leabharlann Ollscoil Chaitliceach na hÉireann mar a raibh Ó Comhraí ina Ollamh le Stair agus le Seandálaíocht na hÉireann ó 1854 go dtí 1862, bliain a bháis. Cuireadh an leabharlann seo i stóras i gColáiste Clonliffe i mbliain a 1882 agus aistríodh go dtí Ollscoil Bhaile Átha Cliath í i mbliain a 1909, an bhliain a bunaíodh Ollscoil Náisiúnta na hÉireann (O’Donoghue 1910; Jessop agus Nudds 1982: 30b; Long 2011: 292). Tá 17 lámhscríbhinn de chuid Uí Chomhraí ar sábháil inniu i Roinn na Sainchnuasach, Leabharlann an Choláiste

Iollann Buide seo agus scríobhaí na heiseamláire a bhí ag an staraí cáiliúil An Dubhaltach Mac Fhir Bhisigh (*ob.* 1671) do chuid dá mhórshaothar *Leabhar na nGenealach* (Ó Fiannachta 1966a: ix).

Is í LS C 110 an fhoínse is sine i mBailiúchán Uí Chomhraí—go deimhin tá sí ar an lámhscríbhinn Ghaeilge is sine orthu san ar fad i Leabharlann an Ruiséalaigh, chomh maith le bheith ar an mbeagán ábhar páir Gaeilge atá ar coimeád ansúd. Bailiúchán duilleog fé chlúdach teann leathair is ea í seo. Sliocht as *Smaointe Beatha Chríost*—insint Ghaeilge ón gcúigiú céad déag ar *Meditationes Vitae Christi* a chuir Tomás Gruamdha Ó Bruacháin (*fl.* 1450) le chéile idir 1430 agus 1461 (Ó Maonaigh 1944)—atá breactha ar roinnt de na duileoga seo (lgh 25–32). Bloghanna leighis, réalteolaíochta agus fealsúnachta atá sa chuid eile. Chuir an Fiannachtach fianaise ar fáil a thaispeáin go bhfuil aon duilleog amháin ón gcuid eile seo i measc bhailiúchán páipéirí sa leabharlann i gColáiste na Tríonóide inniu (LS 1398 (H.5.27)), bailiúchán a bhain tráth dá raibh le Seán Ó Donnabháin (1806–61), mórscolaíre eile de chuid an Léinn Cheilitigh (Ó Fiannachta 1966b; cf. Abbott agus Gwynn 1921: 262–3). D’fhanfadh mar a mbeidís an bhunfhoínse agus an duilleog dar di í tráth:

Even in these ecumenical times I feel we in Maynooth would be loath to part with this, our only fragment of an Irish vellum manuscript. But let no theologian invoke the principle *accessorium sequitur principale* and try to acquire for us that lonely leaf in H.5.27! O’Curry left this and his other Irish MSS. to the Catholic University Library and from thence they passed to Maynooth. (Ó Fiannachta 1966b: 128)

I bhfillteán agus ‘1398/71’ scríbhte le peann luaidhe air atá an ‘duilleog uaigneach’ páir seo sa leabharlann i gColáiste na Tríonóide; agus tá cuntas curtha ar fáil ó shin ag Aoibheann Nic Dhonnchadha ar ord ceart na nduilleog ar a bhfuil an t-ábhar leighis ar fad i ‘1398/71’ agus in C 110.⁸ Inseann an colafan dúinn ar dhuilleog LS C 110 gurbh é Eoin Ó Callanáin a ghráf an t-ábhar féin, gurbh é a d’aistrigh go Gaeilge é le cabhair teagaisc a oide, Piaras Ó hUallacháin, gurbh í gCill Briotáin a chuir sé tús leis seo agus gurbh í Ros Ó gCairbre i gCairbrigh Thoir a chríochnaigh sé a chuid oibre ar 15 Bealtaine, 1414:

Ollscoile, Baile Átha Cliath; cf. de Brún (1988: 2 §7.1).

8 Tá a cuntas ar fáil ar Meamram Páipéar Riomhaire ag <https://www.isos.dias.ie/irish/index.html>; cf. Nic Dhonnchadha 2016: 163, n. 173.

Do crichnaiged anois a ros oilitri [Ros Ó gCairbre] maille grasaibh tigerna na tri muinntir Speclaire arnalldi on baile nua [*Specularium* le Arnaldus de Villa Nova, *ob.* 1311] do tarrang a Laidin a ngaedilg d’eoine o callanáin maille forcetal a oidi fein .i. mhaighistir Piaruis i Uallachain arna tinnsgain a cill britain a mbethaidh₇ a ngalar ega domhnaill riabhaigh Meg Carthaigh₇ arna eg do crichnaiged a tarang₇ a sgribadh in la roim Feil Brenainn [16 Bealtaine] in .xiiii. bliadan ar cethraibh cétibh ar míle iar ngabhail Crist a colain a finid amen a bhuidhi. (LS C 110, lch 5 col. b)

Tá tagairt do bhás Dhomhnaill Riabhaigh Mhic Carthaigh seo in ‘Annála na gCeithre Máistrí’ *s.a.* 1414, agus i nóta buin a ghabhann leis tagraíonn an t-eagarthóir, Seán Ó Donnabháin, do cholafan Uí Challanáin thuas ‘[i]n a fragment of an old medical Irish manuscript, in the Library of Trinity College Dublin [H.5,27]’ (O’Donovan 1856: 817, nóta d) ach gur mar chuid de LS C 110 atá sé anois, dar ndóigh.

Croiceann uaithne gabhair ar chláir agus imeall maisithe stampáltha anuas orthu san araon an clúdach atá ag duilleoga páir LS C 110—an nós coiteann imeachta i mbaidhndeáil leabhar in Éirinn sa naoú céad déag. Toisc a mhinicíocht a láimhseáladh an clúdach féin, áfach, é sin nó toisc droch-chúinsí stórála a bheith aige tráth dá raibh, déarfadh mórán, an Fiannachtach ina measc, gur dubh atá sé (Ó Fiannachta 1969: 69). Tá sé tagtha chun solais le déanaí gurb ionann clúdach C 110 agus a bhfuil ar lámhscríbhinn eile de chuid na Meánaoise i Leabharlann an Ruiséalaigh, i.e. R B 52, cóip chóir Laidine a scríobhadh sa Veinéis i mbliain a 1418 d’ordú (*Commissione*) a chuir Diúc na Veinése ar chaptaen loingis (Niccolo da Pesarò) a raibh de dhualgas air Murascaill an Adriatic a chosaint (P. Lucas agus A. Lucas 2014: 207–8). Ar na tréithe comónta baidhndeála eile idir an dá fhoinsé luachmhara seo tá na duilleoga ceangail atá greamaithe laistigh de na clúdaigh thosaigh agus dheiridh, pátrún marmair na nduilleog ceangail agus cineál garbh an pháipéir i gcás na nduilleog deiridh, rud a thugann le fios gur dócha gurb í obair an bhaidhndeálaí chéanna atá anseo. Is cosúil go raibh R B 52 i seilbh phríobháideach James Henthorn Todd (1805–69) ina dhiaidh sin. Ceapadh Todd ina leabharlannaí i gColáiste na Tríonóide sa mbliain 1852 agus ón uair go raibh teagmháil rialta aige siúd le húnacair C 110, Eoghan Ó Comhraí, anuas go dtí gur cailleadh Ó Comhraí (1862), is é is dóichí liom ná gurbh i mBaile Átha Cliath timpeall an ama 1850–60 a cuireadh na lámhscríbhinní seo á mbaidhndeáil.⁹

⁹ Mar leis an gcoidreamh idir Todd agus Ó Comhraí, a bhí fostaithe chun lámhscríbhinní a chóipeáil do Choláiste na Tríonóide agus do Todd féin go príobháideach, feic Simms 1969: 11, 21–2.

Seacht nduilleog páipéir atá i LS C 97 i genósach Uí Chomhraí ach baineann duilleoga a haon agus a trí ó cheart le ARÉ LS 24 P 15 (Ó Fiannachta 1969: 46). Cuid ab ea iad, mar sin, den aistriúchán Gaeilge a ghabhann ansúd le tráchtas leighis Bernardus de Gordonio, i.e. *Decem Ingenia Curandorum Morborum*, a bhreac Corc Ó Cadhla sna blianta 1583–84 i gCill Chlogáin i bparóiste Bhaile an Teampaill, Co. Loch Garman. Níl ach bhlogh téacs, áfach, ar dhuilleoga na foinse i Leabharlann an Ruiséalaigh toisc iad a bheith stolltha go maith. Bhain farasbarr na nduilleog le lámhscríbhinn eile ‘ó timpeall na linne céanna’ (Ó Fiannachta 1969: 46) agus dánta diaga formhór dá bhfuil breactha orthu san. Tá ainm únaera, ‘Labhrás Cumine’, chomh maith le roinnt sínithe eile, ina measc ‘Peter Leburn’, luaite ar dhuilleog a seacht (*verso*), agus tá sé iontsuimithe go raibh ARÉ LS 24 P 15, leis, i seilbh ‘Louras Cuminn’ (lch 160) agus gur bhreac ‘Peter Layburn’ a ainm ar an lámhscríbhinn chéanna seo (lch 150).

Ábhar leighis arís atá i LS C 4, dhá théacs easnamhacha ón seachtú céad déag de réir na catalóige, i.e. bhlogh den *Lilium Medicinae* le Bernardus de Gordonio thuasluaite, tráchtas leighis a bhí coitianta go maith sa Mheánaois, agus bhlogh de thráchtas eile leighis nach bhfuil aon dul amach fós inniu againn ar a bhunfhoinsé. Gabhann an t-aistriúchán Gaeilge leis an mbuntéacs Laidine sa dá chás anseo. Mheas an Moinsíneoir Ó Fiannachta go raibh an pheannaireacht cosúil léi siúd ag Pádraig Ó Siadhail, scríobhaí na dtráchtas leighis dar teideal *Leabhar Uí Shíadhail* (ARÉ LS 23 K 42). Níl, fé mar a tharlaíonn sé, áfach, aon róchósúlacht idir script an dá lámhscríbhinn. Ina theannta san, tá seans ann gur luaithe foinsé luachmhar leighis Leabharlann an Ruiséalaigh ná *Leabhar Uí Shíadhail* a cuireadh le chéile sa tréimhse 1657–58, agus, go mb’fhéidir gurbh i ndeireadh an séú céad déag a scríobhadh ó cheart í.¹⁰

Foinsé luachmhar eile is ea LS C 112 ar ghráf Tuileagna Ó Maoil Chonaire OFM, *alias* Tully Conry, cuid (d) di in Oxford Shasana agus 4 Lúnasa, 1673, curtha mar dháta lena chuid oibre aige (Ó Fiannachta 1969: 75–6). Sampla luath d’obair innéacs atá anseo againn, dáiríribh, mar gur sholáthraigh an scríobhaí cuntas Gaeilge ar dhá fhoinsé a bhí fén am san i Leabharlann an Bhodleian, Oxford, i.e. (i) *Leabhar na Rátha*, lámhscríbhinn mheamraim ilghnéitheach de chuid an cúigiú céad déag ar cuireadh cuid di le chéile i Ráth an Photaire, Co. Chill Chainnigh, d’Éamonn Buitilléar agus dá uncail, Séamus Buitilléar (*ob.* 1452), ceathrú Iarla Urmhumhan, nó ‘an tIarla Bán’; agus (ii) lámhscríbhinn mheamraim ó Dhún na nGall ón séú céad déag a bhfuil dánta luaite le Colum Cille inti.¹¹ Mar thabharthas ar an Leabharlann i mbliain a

10 Táim buíoch den Dr Aoibheann Nic Dhonnchadha as a comhairle ina thaoibh seo.

11 Chuir Ó Maoil Chonaire gearrchuntas Béarla ar an dá lámhscríbhinn seo le chéile chomh maith: tá an ceann ar *Leabhar na Rátha*, dar dáta ‘y^e 9th of August 1673’, tagtha anuas ar dhuillín

1636 a bhronn William Laud, Seansailéir Ollscoil Oxford (1629–33) agus Ardeaspag Canterbury (1633–45), iad seo araon sa tslí is gur *Laud Miscellany 610* atá inniu ar *Leabhar na Rátha* agus *Laud Miscellany 615* is teideal do lámhscríbhinn Dhún na nGall (Ó Cuív 2001: xx, 62–101; Dillon 1960; Dillon 1963). Toisc baint a bheith ag teaghlach léannta Í Mhaoil Chonaire ó ré na Meánaoise le *Leabhar na Rátha*, dob fhuirist a shamhlú go spreagfadh sé sin Tuileagna chun dul á féachaint in Oxford agus a raibh ann a bhreacadh síos. ‘Saltur na Rátha’ a thug sé ina chuntas Gaeilge uirthi seo (C 112(d), lch 1) agus ‘Leabhur Cholaim Chille naomht’ (C 112(d), lch 9) a bhaist sé ar *Laud Miscellany 615*. Fianaise luachmhar is ea cuid (d) de C 112, mar sin, ar dhuine de lucht traidisiúnta an léinn Ghaelaigh a chuaigh ag iniúchadh lámhscríbhinne a bhain lena shinsir i leabharlann i Sasana. Díol breise spéise is ea an dá shórt scrípte Ghaelacha (idir reatha agus fhoirmeálta) a bheith in ócáid aige agus, fós, a thuiscint ar an ábhar a bhí á iniúchadh aige i mbunfhoinní Oxford. Is follas, mar shampla, gur mar eagarthóir agus mar léirmhíneitheoir ar a raibh os a chomhair amach a thuig sé a ghnó seachas a bheith á chóipeáil síos go dílis focal ar fhocal (Ó Macháin 2010: 246–8). Is follas, leis, gurbh oth leis a laghad am a bhí aige chun trascríbhite (Ó Macháin 2010: 246, n. 14).

Sara mbogfad ar aghaidh go dtí na mórchnósaigh eile, gearrfhocal scoir ar dtúis ar lámhscríbhinní Uí Chomhraí trí chéile: filí iomráiteacha na Gaeilge a bhreac cuid mhaith díobh seo. Dob é Eoghan Ó Caoimh (1656–1726), mar shampla, teaglamaí LS C 88, díolaim shubstantiúil seanchais agus filíochta a chuir sé le chéile, 1704, dá phátrún, Diarmaid Ó Súilleabháin. Filíocht sheanchais agus chrábhaidh atá i bhformhór na lámhscríbhinne seo, ach is léir ón gclár a chuir Ó Caoimh lena chuid oibre gur chuid di *Foras Feasa ar Éirinn* an Chéitinnigh tráth dá raibh. Is í seo ARÉ LS 23 E 23 inniu, dar dáta 1702–3, mar ar aithin Nessa Ní Shéaghdha (1977: 5) lámh mhac an scríobhaí, Art Ó Caoimh (1687–1709), inti seo chomh maith. Cuireann Eoghan mar achainí ar a léitheoir guí ar a shon—gnás an-choitianta ag scríobhaithe na Gaeilge—sa chríoch seo a leanas lena chuid sin scríbhneoireachta:

Ag sin Críoch air an leabhar so aníúgh an 26 lá Dabraon aois an Tíghearna annois .1704. _γ sirim gach léaghthóir guídhe orm ar son mo shaothair _γ mo leathsgéal do ghabháil tré gach dearmad _γ tré gach drochsgríbhinn dá bhfuil san leabhar so, óir díth eóluis, luas láimhe, _γ camchathaighthe an

laistigh de chlúdach tosaigh na lámhscríbhinne seo féin agus é curtha i gcló ag Brian Ó Cuív (2001: 68). Ar 9 Lúnasa 1673, leis, a chuir Ó Maoil Chonaire a nóta ar lámhscríbhinn Dhún na nGall, a dtugtar *Laud Miscellany 615* inniu uirthi (feic thuas). Ba chuid den lámhscríbhinn an nóta tráth dá raibh ach tá sé imithe ó thuairisc ó shin (Sharpe 2013: 212, n. 18).

tsaoghail as cionntach riú. Bhúr seirbhísíoch go héag Eóghan .h. Caoimh. (LS C 88, lch [540])

Ar na lámhscríbhinní leis an bhfile Aindrias Mac Cruitín (*ob.* 1738) i mbailiúchán Uí Chomhraí, tá uimhir 41 a bhreac sé i mbliain a 1721 d'Éamonn Ó Maolruanaigh agus dá bhean Siobhán:

Ag so do Gheiniomhain, do bheatha, et do bhas, dfheartaibh, et dfáostinibh Sheanáin naomhtha mic Geirrcind Céideasog Innse Cathaigh, ar na sgríobadh ar ttús lé hodhrán an céad chomharba a ndiaigh Shenáin féin. et dá nuaidhsgríobadh anois lé haindrás mac Cruitín chum usáide Eamoinn mic Piarais uí Maolruanaigh et a bhainchéile Seabhán ní Chonmara et go mudh Séad Fine dóibh féin et dá ccloinn iona ndiaigh, et go madh méadughad uaisle et onora san saoghal so, et go madh sgiath díona dá nanamannaibh tall an duanaire si Seanáin naomtha, do bheith mar oirchisd aca. (LS C 41, lch 3)

Cóip de *Beatha Sheanáin* Inis Cathaigh atá sa lámhscríbhinn seo chomh maith le hábhar eile a bhaineann go speisialta le hiardheisceart Cho. an Chláir, ina measc *Amhra Sheanáin mhic Geirginn* agus tráchtas dar teideal *Míorbhaile Sheanáin* a chuireann síos ar na míorúiltí a d'éirigh leis an naomh a dhéanamh. Cuid shuntais is ea é go bhfuil sa lámhscríbhinn chéanna seo (lch 66) an chóip is luaithe, is cosúil, de dhán (10 rann) dar tús ‘Tugsad naoimh Mumhan go maith’ (McInerney 2012). Ní hamháin go dtagraítear anseo do naoimh éagsúla a bhfuil ceangal speisialta le Co. an Chláir acu, ach níl aon eolas orthu tagtha chun solais go dtí seo i bhfoinsí eile. Ní heol cén fhoinsé a bhí roimis amach ag Aindrias Mac Cruitín féin, ach tá gach cosúlacht air gurbh fhoinsé í a bhain go dlúth leis an traidisiún téacsúil a bhain le Naomh Seanán. Tá an chuma air gurbh ón lámhscríbhinn seo Mhic Cruitín a chóipeáil Anthony O’Brien cuid de ARÉ LS 23 L 11 (lgh 195–296), scríobhaí ó Cho. Luimní a raibh scoil aige i nDún Átha in iardheisceart an Chláir (Ó Madagáin 1974: 77–8).

Ag teacht go dtí lámhscríbhinní de chuid an naoú céad déag i mbailiúchán Uí Chomhraí, tá dornán ansan a bhreac an dialannaí cáiliúil Amhlaoihbh Ó Súilleabháin, *alias* Humphrey Sullivan (1780–1837). Tá, mar shampla, LS C 22, foinse a chuir sé i gcrích ‘san 17^{deg} do’n 10^{bha} Mí do’n bhelainn 1812’ (lch 80). Filíocht is mó is ábhar don lámhscríbhinn seo, ina teannta *Barántas an Hata* le hEoghan Ruadh Ó Súilleabháin (1748–84)—an chéad téacs, dála san, in eagrán Phádraig Uí Fhiannachta ar an mbarántas (1978b), ach nach ag tarrac ar an bhfoinsé áirithe seo a bhí an t-eagarthóir ag an am. Tá, leis, LS C 91, foclóir luibheolaíochta i dtrí cholún (Gaeilge, Béarla agus Laidean)

a chuir Amhlaoibh le chéile timpeall na bliana 1834 (marc uisce); fianaise bhreise is ea í seo—mar aon leis an luibhleabhrán in LS C 65 (1828), an foclóir luibheolaíochta Gaeilge-Béarla-Laidean in ARÉ LS 23 I 21 (1827), ní áiríur an saothar is mó cáil dar chum sé an *Cín Lae* féin—a thaispeáineann gur nádúraí go smior ab ea é. A chuidse filíochta atá breactha aige i LS C 17, 1813–14, rud a chuireann i gcuimhne dhúinn arís gurbh fhilí mórán de scríobhaithe an ochtú agus an naoú céad déag agus gur chuir roinnt acu rompu a gcuid dánta a bhreacadh síos i bhfoirm díolaime.

Ag féachaint anois dúinn ar na ‘Lámhscríbhinní Breise’, dhá fhoinse is fiche atá sa chnósach seo inniu.¹² Lámhscríbhinn páipéir is ea B 7 atá i seilbh Choláiste Phádraig ó 1820 ar a laghad—an t-aon fhoinse sa chnósach i measc na lámhscríbhinní breise nach mbaineann leis an ochtú agus an naoú céad déag. *Eochairsgiath an Aifrinn* Sheathrúin Chéitinn ó láimh Philip Uí Chiarbhalláin, 1675, is ábhar di agus b’fhéidir gurbh i ndeisceart Dhoire a cuireadh le chéile i gcéad uair í (Ó Maitiú 2013: 50).¹³ Cuireann an scríobhaí a mhíshástacht ar an líc dá léitheoir in aon áit amháin toisc é a bheith fé chrann smola ag a iomthúsa pearsanta, ní foláir, rud a spreagann ‘[a] mhallacht do na drencoidibh , do [mhui]nntir an airgid teallaigh’ (lch 62).

Foinse eile fós de chuid na gceann breise nach mór a lua is ea LS B 8 a bronnadh ar an Ollscoil Chaitliceach i mbliain a 1876 agus a tháinig go Coláiste Phádraig ina dhiaidh sin i dteannta chnósach Uí Chomhraí (Breathnach 1936: 39; Ó Fiannachta 1967: 125–30). Bhreac Heinrí Ó Carraic (*alias* Mhac Carrtha) an lámhscríbhinn páipéir seo idir 1700 agus 1705 ‘a Sliogoch’ (lch 101). Filíocht na Scol is ábhar di chomh maith leis an gcóip is luaithe, is cosúil, den tráchtas ginealaigh dar teideal *Cuimre Craobhsgaoileadh Chineadh Éireann agus Albanscot*, cóip a dhein Ó Carraic de bhunsaothar na bliana 1666 leis An Dubhaltach Mac Fhir Bhisigh. Timpeall na bliana 1708, chuir Ó Carraic díonbhrollach trí leathanach lena chuid oibre dar teideal ‘Oráid chum an leightheóra et díonbhrollach na hoibreso’ (lgh 97–9).¹⁴ Thaispeáin Pádraig Ó Macháin (2013: 155) go bhfuil a mhacasamhail de chur i láthair, de stíl agus de reitric i ndíonbhrollach eile a cuireadh le ‘Lámhscríbhinn Uí Ghadhra’ (ARÉ LS 23 F 16), díolaím thábhachtach d’fhilíocht na mbard a chuir an tAthair Nicolás (*alias* Fearghal Dubh) Ó Gadhra, sagart d’Ord San

12 Feic n. 2 thuas.

13 Ar a shon san, ní thráchtann Ó Baoill (2007: 80) ar Ó Ciarbhalláin ina chuntas ar scríobhaithe Dhoire ó c. 1300 i leith ná ar an lámhscríbhinn thuas ach chomh beag.

14 Foilsithe ag Cullacht Choluim Cille [1909]: 36–9.

Agaistín, le chéile i Lille agus sa Bhruiséil sna blianta 1655–59. Bhí an tAthair Nicolás féin fillte ar Éirinn fén mbliain 1670, an bhliain a ceapadh ina phríóir é i mBeannada, Co. Shligigh. Ba ‘san mBéinnfhada’ ar 5 Meitheamh 1686 a cuireadh an díonbhrollach lena lámhscríbhinn siúd (ar lgh iii–iv),¹⁵ rud a fhágann nach foláir nó bhí an fhoínse seo, leis, fillte ar Éirinn fén am san. Níor chuir an t-údar a ainm leis an díonbhrollach céanna, áfach. Ní hamhlaidh i gcás an díonbhrollaigh in LS B 8 mar ar chóipeáil Heinrí Ó Carraic, ar ámharáí an tsaoil, beannacht dheiridh agus síniú an bhunúdaire mar a leanas:

Anois (mar luach saothair ghaedhalach), go saoluighe Dia is na grasaibh é fein et a churum amhuil athchuingheas a caraid ionmhuin Seaán o Gadhra. (LS B 8, lch 99)

A bhuíochas ar an bhfianaise luachmhar seo a chaomhnaigh Ó Carraic i LS B 8, mar sin, is féidir a mheas gurbh é Seaán Ó Gadhra (c.1646–c.1720) anseo údar an díonbhrollaigh a cuireadh le ‘Leabhar an Athar Nicolás Ó Gadhra’ ar fhilleadh go hÉirinn dó ón Tír Íochtair Spáinneach.

Nuair a cailleadh an Dr Labhrás Ó Reineacháin in Iúil na bliana 1857, is cosúil gur fhág sé a chuid lámhscríbhinní Gaeilge go hindíreach ag Coláiste Phádraig agus cheannaigh an coláiste breis eile fós ar cheaint Uí Reineacháin ar 2 Samhain, 1857 (Ó Fiannachta 1973: 7–8; Ó Dúshláine 1995: 92). Tá naoi lámhscríbhinn déag ar fad sa bhailiúchán seo inniu.¹⁶ Cé go n-áirítear R 53a ar an gcéad cheann acu, níor chuid de an lámhscríbhinn seo ó thosach (Ó Fiannachta 1967: 38). Cóip dhíreach ó láimh Sheosaimh Uí Longáin is ea í de *Leabhar Caillín* (ARÉ LS 23 P 26), lámhscríbhinn páir ó thús an séú céad déag a chuimsíonn stair a bhaineann leis an dá Bhréifne, i.e. Liatroim agus An Cabhán. Dob é Tadhg (mac Uilliam) Ó Rodaighe (*fl.* 1516) bunteaglamaí an tsaothair seo, comharba mhainistir Naomh Caillín i bhFíonach, Co. Liatroma.

Tá LS R 68 ar an bhfoínse is sine ar fad i mbailiúchán Uí Reineacháin. Lámhscríbhinn páipéir is ea í ina bhfuil cóip de *Foras Feasa ar Éirinn* Chéitinn ‘leis an mbrathair mbocht Dórd .S. Phroinnsias’, an tAthair Ennri Mac

15 Feic Ó Macháin (2013: 160–2) mar a bhfuil an díonbhrollach ar fad fara aistriúchán Béarla curtha ar fáil.

16 Tá R 82, cóip liteagrafach de théacs *Gárdín an Anna* a bhreac Pól Ó Longáin i gCorcaigh, 1844 (cf. Ó Fiannachta 1973: 8), ar coimeád anois ag an uimhir seilfe R B 226. Níl aon tuairisc fós inniu ar R 83, ‘Irish Dictionary by Michael O’Clery—Dunagall’ (Ó Fiannachta 1973: 8), i.e. *Foclóir nó Sanasán Nua*. Ní léir dom, go deimhin, pé acu an ionann R 83 agus cóip chlóite an fhoclóra seo a foilsíodh i Lohbáin (1643) nó cóip lámhscríbhíthe den saothar clóite.

Árdghail, *alias* Henricus Ardelius, a scríobhadh i mbliain a 1663 i gColáiste na bProinsiasach i gcathair Prág ‘san mBóhemia’ (lch [ii]). Is dócha gurb ionann an tAthair Mac Árdghail anseo agus ‘Henricus Ardelius’ ar bronnadh an chorann agus na ceithre mionoirid i bPrág air ar 19 Nollaig, 1653, agus ar oirníodh mar fhodhéagánach sa mbliain chéanna é (Millet 1998: 29).¹⁷ Ar shlí éigin nach eol dúinn, d’fhill R 68 thar n-ais ar Éirinn mar ar bhain sí Mícheál Ó Raghallaigh (1785/6–1856) amach, file agus scríobhaí a bhí lonnaithe in Inis Díomáin, Co. an Chláir (Ní Dheá 1992). Bhí sí dreoite go maith, áfach, féin am gur shaothraigh sí an Raghallach, pointe a bhreac sé féin amach sa nóta seo a leanas go dtí a léitheoir:

Bidheadh a fhios agad a léightheoir an tan do fuair mise an seanleabhar so go raibh tríocad duileóg deith tollta le luch γ do bhain mise na duileoga tollta as. γ fuair mé dochtúir oile γ do sgríobh mé an mhéid easbadh do bhí air mar is léir dhuit. γ bhí cinnte go bhfuil an stair foirlionta anois. M. o Rághallaigh. (LS R 68, lch 237)

Sin é go díreach a tharla mar gur líon an Raghallach isteach na codacha easnamhacha le cabhair ‘dochtúra eile’—eiseamláir eile, ní foláir, de shaothar Chéitinn—ar leathanaigh a chuir sé in áit a raibh tollta sa lámhscríbhinn. In Inis Díomáin a chuir sé an méid sin i gcrích agus 1838 an dáta a ghabhann lena chuid sin oibre. Ar chuma ‘Leabhar an Athar Nicolás Ó Gadhra’ a luadh anois beag, tá anseo arís againn sampla slán de lámhscríbhinn Ghaeilge sagairt a chas thar n-ais ar Éirinn.

Tá trí lámhscríbhinn eile fós de chuid Mhíchíl Uí Raghallaigh i gcnósach Uí Reineacháin. Sa chéad cheann acu seo (LS R 97), tugann nóta réamhráidh an scríobhaí chun a léitheora léargas áirithe dúinn ar an bhfear féin agus ar cad a spreag chun peannaireachta é:

A léightheóir ionmhuinn dhearsnuidhe [*sic*] ag so tómsúghadh ilchomasgairthe do rinne mé ar fabhailsgéalta do reir mar tharla dom

17 Tá seans ann gurb ionann é, leis, agus Anraí Mac Ardghail OFM a chóipeáil (nó go deimhin a d’aistrigh go Gaeilge i dtosach báire) *An Bheatha Dhiadha* sa Róimh (1694) agus a ceaptar gurb ionann é féin agus Proinsias Mac Ardghail, príomhshacraisteoir Choláiste Naomh Isidore, 1689–97; cf. Ó Fachtna (1967: x–xii). Tá sé inspéise go bhfuil nóta ar chóip Mhic Ardghail den bh*Foras Feasa* le fáil i LS 14 i mBailiúchán Lámhscríbhinní an Fheiritéaraigh atá ar coimeád inniu sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, i.e. an t-aon chóip iomlán de *An Bheatha Dhiadha*, mar a dtugtar le fios go raibh an scríobhaí, Pádraig Feiritéar (1856–1924), den tuairim gurbh ionann an dá bhráthair seo: ‘Do aithscríobh Enrí mac Árdghail “Forus Feasa” An Chéitingigh i bh-foghluimthigh na n-Éireannach i b-Práig i m-Bóhéime Aug. 4 .1663. Is é an leabhar-san anois as áiremh 68, O Renehan Collection, i Maigh Nuadat’ (bileog cheangail thosaigh, *recto*).

a bhfágáil a seanleabharaihb eile ⁷ beagán do sháothar ar bhfilidh léighionda san aois dheanach. Is ar inntinn an Ghaoighilge do choimhéad ⁷ go ma cathamhaimsire e don drung do thiucfac tair m'éis do chnuasaighis iad. Aitcim air gach léightheoir gan me d'ímgheargadh na milleán do thabhairt dom tre iomad na lochtuidhe do thangbhus leo san saothar so. Oir is ceardúidhe me ⁷ am aimsir diobhuinn do sgríobh mé an saothar so. oir bhí me moran bliaghanta dá chnuasacht. (LS R 97, lch [i])

Ní heol cén sórt céirde go díreach atá i gceist ag an Raghallach anseo ach cuireann a ndeir sé i gcuimhne dhúinn nach raibh ag scríobhaithe dá shórt ón tréimhse dhéanach ach tráthnóintí agus laethanta Domhnaigh amháin chun cóipeála. Maidir leis na 'mórán blianta' a chaith sé ag obair ar an lámhscríbhinn seo, fé bhun fiche bliain a bhí sa tréimhse ama san. Luigh sé amach ar í a chur le chéile i mbliain a 1827 nuair a chríochnaigh sé téacs *Eachtra an Mhadra Mhaoil* 'a mídhe Márta' na bliana san (lch 31), agus is é 'an deithiodh lá do mhídhe na Seamhna aois an Tighearna 1846' (lch 104) an dáta cruinn is déanaí sa lámhscríbhinn aige—tréimhse áir agus ocras in Éirinn san am úd, dar ndóigh. Ní fheadar, mar sin, ná gurbh í an tréimhse úd na duibhré a spreag é chun caomhnaithe agus chun tiomsaithe don gcéad ghlúin eile.

Idir 'A.D. 1848 .i. bliadhainn an áir ⁷ an ocras ionnar éag na millte duine le uiresbadh bígh' (lch 427) agus 1853 a chuir Mícheál Ó Raghallaigh LS R 69 le chéile. Sampla breá atá anseo againn dá mbaineann trí chéile le seachadadh na lámhscríbhinní Gaeilge sa tréimhse dhéanach nuair a chuir filí rompu dánta a chumadar féin a bhreacadh síos. Dob fhéidir, mar sin, 'lámhscríbhinn fhile' a thabhairt uirthi seo toisc gur chuir an Raghallach dánta dá chuid inti. I dteannta a chuid sin filíochta, tá cóipeanna aige de laoithe fiannaíochta fara bailiúchán substaintiúil dánta ón ochtú agus an naoú céad déag a bhaineann le Co. an Chláir trí chéile 'as iliomad do sheanleabhruibh do thárladh [leis] san tir so' (lch [i]). 'Duanaire dín-shuairc uí Rághallaigh' a bhaist sé mar theideal ar a mhórshaothar a bhfuil ceithre chéad is ceithre fichid leathanach, geall leis, ann; agus leis an méid sin ar fad chuir sé réamhrá a thugann léas geal dúinn ar shaol cultúrtha an Chláir i dtréimhse dhuairc a linne.¹⁸ Tar éis dó a leithscéal a ghabháil lena 'léightheoir ionmhuinn' as 'olcus an sgríobhainn ata san leabhar so' a bhreac 'fear céirde', sholáthraigh sé gearrchuntas beathaisnéise ar cheathrar mórfhíleí Cho. an Chláir a bhí 'fíoreolach', i.e. Aindrias Mac Cruitín thuasluaite, chomh maith le hAodh Buí Mac Cruitín (*ob.* 1755), Mícheál Coimín (*ob.* c.1760) agus Seon Ó hUaithnín (1688–?).

Bailiúchán toirtíúil seanchais atá tabhartha le chéile ag an Raghallach sa treas lámhscríbhinn, uimhir 70 i mbailiúchán Uí Reineacháin. Chaith sé ó 1825

18 Mar leis an réamhrá ar fad, feic Ó Fiannachta 1974: 98–9.

go 1848 á cur seo le chéile agus ‘an Leabhar Muimhneach ... lé hAindrias Mac Cuirtín .A.D. 1726’ (lch 244) a bhí mar eiseamláir aige do chuid dá bhfuil cóipeáltha inti. Tá bailiúchán annála curtha ar fáil anseo, leis, a thosnaíonn leis an mbliain 1800, ina measc iontráil spéisiúil ina gcuireann an scríobhaí síos ar thubaist na bliana 1847 nuair a bhí an Gorta in airde a láin, ní hamháin sa tír trí chéile, ach go háirithe ina cheantar dúchais féin, paróiste Chill Mhainchín:

A.D. 1847 bliadhain na gorta₇ an riachtanais. Oir do sgrios an ghaoth ruadh blath₇ gasa na bpotáitídhe ionnus gur loibh siad uile. ní rabh pótáta le buaint as talamh ag aon duine san bfomhar mar budh gnáth bliadhanta eile. ní raibh an corcaidh (*leg.* coirce) go maith mar budh gnáth na an mhin ann. Dá bhrígh sin bhí gorta₇ riachtannais air gach aon duine san ríoghacht acht tanaig iliomad minne₇ earbhur go heirinn as *America*₇ as rioghachtuibh eile. D’éug mórán do na daoine an gach áit san rioghacht. Fiabhrus₇ tinnios cuirp do thanaig orra do bhár an oicrais₇ is leis a déug na daoine san tír so. Do thuit breis₇ míle duine sa bporóiste so ar feadh trí mhídh .i. cill Mhainnthinna ccorc amruadh. (LS R 70, lch 549)

Is é Seosamh Ó Longáin an t-aon duine amháin óna theaghlach bisitíil scríobhaithe a chuir ábhar ar fáil don Dr Ó Reineacháin. ‘Duanaire na neascop ionna a bhfuilid suím mhór do dhuantaibh do cheapadh d’Easbuig na heirionn o theacht eiricheacht ann go nuige an bhliadhín 1818’ a thug sé ar a chuid oibre i LS R 81 (lch iii) a bhreac sé i mbliain a 1848 (cf. Ó Dúshláine 1995: 108; Ní Úrdail 2000: 175). Ní miste cuimhneamh air gur thug an Longánach tamall éigin i gColáiste Phádraig an bhliain chéanna sin ag innéacsú cuid de lámhscríbhinní an Easpaig Uí Mhurchú a bhí tagtha go Maigh Nuad (feic thíos). Is é atá sa duanaire seo ná dánta a chum filí ó chúige Mumhan in ómós do na heaspaig seo a leanas: Eoin Ó Cuileannáin, Easpag Ráth Bhoth (1629–57/8); Eoin Baiste Mac Sleighne, Easpag Chorcaí, Chluana agus Rois (1693–1712); Donnchadh mac Seáin Bhuí Mhic Cárthaigh, Easpag Chorcaí agus Chluana (1712–26); Conchubhar Ó Caoimh, Easpag Luimní (1720–37); Tadhg Mac Cárthaigh, Easpag Chorcaí agus Chluana (1727–47); Eoghan Ó Súilleabháin, Easpag Ard Fhearta (1739–43); Risteárd Breatnach, Easpag Chorcaí (1748–63); Seán Ó Briain, Easpag Chluana agus Rois (1748–69); Seán Buitléir, Easpag Chorcaí (1763–87); Fínín Mac Cárthaigh, Easpag Chorcaí (1803–10). Liosta le háireamh atá anseo, is fíor, a chuireann i gcuimhne arís dúinn cad é comaoin a chuir an chléir Chaitliceach ar shaothrú an léinn Ghaelaigh sa tréimhse iarchlásaiceach. Chuir Seosamh Ó Longáin véarsa ómóis dá chuid féin isteach i dtús na lámhscríbhinne:

Do sgríobhadh an leabharso don athair gheal shuairc gan cháim do shíol na bhfearachon meanamnach Ó Rénecháin tá ag riarúgha air sagairt 's marchra chliar gach lá a ccoláiste an apstail do bheana ár iath mhín bhláth. (LS R 81, lch ii)

Má bhí an soláthar téascúil bainte 'as iliomad do sheanleabhraibh eile' (LS R 81, lch iii), is léir nach chomh críonna san ar fad a bhí foinsí an Longánaigh mar gurbh iad a athair agus a dheartháireacha a chuir 'na seanleabhra' céanna le chéile don Easpag Ó Murchú i gcéad uair (Ní Úrdail 2000: 175–6).

Shocraigh James Murphy i gcomhfhreagas le hUachtarán Choláiste Phádraig, Labhrás Ó Reineacháin, in Eanair na bliana 1848 go seolfaí lámhscríbhinní Gaeilge a dhearthár, an tEaspag Seán Ó Murchú (a bhí cailte le deich mí, geall leis), ar stíméir ó Chorcaigh go Baile Átha Cliath. Ar theacht go Maigh Nuad ansan dóibh, bhronnfaí *Bibliotheca Murphyana* mar theideal orthu (Ó Fiannachta 1973: 5–6). *Murphy Manuscripts* an teideal oifigiúil a baisteadh ar an mbailiúchán, áfach, a chuimsíonn inniu M 1–M 114.

Níor tháinig gach lámhscríbhinn a bhí tráth i seilbh an Easpaig go Maigh Nuad ná níor chuid dá leabharlann phearsanta gach lámhscríbhinn atá inniu i mbailiúchán Uí Mhurchú i Leabharlann an Ruiséalaigh. I measc na lámhscríbhinní breise in Ollscoil Cambridge, mar shampla, tá trí cinn a chuir duine de mhórscriobhaithe na tréimhse iarchlasaici, Mícheál Óg Ó Longáin (1766–1837), le chéile don Easpag Ó Murchú sna blianta 1820–21 agus 1834, i.e. LSÍ 6475–6 agus 6516 (de Brún agus Herbert 1986: xxiii, 53–6, 62; cf. Ní Úrdail 2000: 68, n. 91). Fairis sin, ón gcuntas réamhráidh ar M 110–M 112 (Ó Fiannachta 1967: 32, 36), ní léir in aon chor gur leis an Easpag riamh iad. Go deimhin, cuireadh uimhir 114 le bailiúchán Uí Mhurchú i dtráthaibh an ama chéanna a raibh cuntas catalóige uirthi á réiteach (Ó Fiannachta 1967: 37).

Ní miste a lua, leis, nach lámhscríbhinní le ceart M 79, M 88 agus M 113. Cóip liteagrafach den saothar *Gáirdín an Anna* a bhreac Pól Ó Longáin i gCorcaigh, 1844, is ea M 79 a foilsíodh i gCorcaigh an bhliain chéanna.¹⁹ Cóip chlóbhuailte de *Scáthán Shacramuinte na hAithridhe* le hAodh Mac Cathmhaoil (*alias* Mac Aingil)/Hugh MacCaghwell OFM (1571–1626) is ea M 88, saothar a foilsíodh i mbliain a 1618 sa chló gaelach a chruthaigh

¹⁹ Tá sé ráite sa chatalóg go bhfuil an fhoinsé féin 'ar iarraidh le fada de bhlianta' (Ó Fiannachta 1966c: 67). Toisc nach lámhscríbhinn í seo, áfach, aistríodh í go dtí an uimhir seilfe R B 226 i Leabharlann an Ruiséalaigh mar a bhfuil sí ar coimeád ansúd i dteannta R 82, cóip liteagrafach eile fós de *Gáirdín an Anna* ó láimh Phóil Uí Longáin (luaite i n. 16 thuas).

Proinsiasaigh Choláiste na nGael i Lohháin (McGuinne 1992: 23–36).²⁰ Foinse chlóbhuailte eile fós is ea M 113 a bhí, fé mar is léir óna leabharshuaitheantas, i seilbh ‘John Murphy, Bishop. Cork, 1815.’ De réir an leathanaigh theidil is é seo ‘secunda aeditio’ *An Teagasg Criosdaidhe* le Bonaventura (*alias* Giolla Brighde) Ó hEódhasa (*ob.* 1614), saothar a foilsíodh i gcéad uair in Antwerp i mbliain a 1611—sa chló gaelach arís a chruthaigh Proinsiasaigh Choláiste na nGael i Lohháin. In ainneoin na tagairte don ‘secundae aeditioni’, is é seo ó cheart an treas eagrán a foilsíodh i mbliain a 1707 sa chló gaelach a chruthaigh Proinsiasaigh Choláiste Naomh Isidore sa Róimh (McGuinne 1992: 37–50).²¹ Pé ar domhan de sin, is dócha gur thug an Dr Ó Murchú a chóip phearsanta féin den leabhar seo ar iasacht d’Éamann Ó Mathúna (c.1774–1845), ball den meitheal scríobhaithe a bhí ag saothrú don Easpag i gcathair Chorcaí i gcéad leath an naoú céad déag (Ó Conchúir 1982: 159–62). Eagrán 1707 de *An Teagasg Criosdaidhe* a chóipeáil an scríobhaí seo agus tá a théacs tagtha anuas inniu i LS M 26. Tá, leis, sa lámhscríbhinn chéanna seo cóip an Mhathúnaigh de *Lucerna Fidelium*, nó Lóchrann na gCreidmheach, le Froinsias Ó Maolmhuidh OFM (1606–77), caiticiosma eile fós sa chló gaelach a chruthaigh Proinsiasaigh Choláiste Naomh Isidore a foilsíodh sa mbliain 1676. Ba dhóigh liom sa chás seo arís gurbh é an bunsaothar clóite i seilbh an Easpag Uí Mhurchú a bhí mar eiseamláir ag an Mathúnach dá théacs i LS M 26: is eol, mar shampla, ó chatalóg na ndíolachán ag Sotheby’s i Londain (na ceainteálaithe a bhí freagrach as leabharlann shubstaintiúil an Easpag a dhíol tar éis a bháis) gur chuid de dhíolachán uimhir a sé a chóip phearsanta den *Lucerna Fidelium* (Sadlier 1915; Lantry 2018). Fianaise is ea LS M 26, leis, gan dabht, ar an ngaol ceachtartha a bhí ann idir mheán na scrípte agus meán an chló i saothrú an léinn Ghaelaigh mar nach in aon treo líneach amháin ón scríbhinn go cló a bhíodhas—fé mar a bhí i bhformhór mór na hEorpa féin naoú céad déag. Bhí teacht ag scríobhaithe, mar sin, ar leabhair chlóite chun cóipeála agus/nó chun aistriúcháin go Gaeilge.

20 *Pace* Ó Fiannachta (1966c: 87) mar a ndeirtear ‘Faoin teideal seo bhíodh tráth cóip chlóbhuailte de Desid. (A.D. 1616).’ Tá M 88 aistriithe ó shin ó bhailiúchán lámhscríbhinní Uí Mhurchú go dtí an uimhir seifé R B 177. In órlitreacha laistigh den gclúdach tosaigh tá ‘G. Bellew. Bookbinder. Dublin.’ i.e. George Bellew, díoltóir agus baidhndeálaí leabhar i lár an naoú céad déag a raibh a ghnó suite in uimhir 79, Sráid Grafton, Baile Átha Cliath; feic Sayle 2014: 618 chomh maith le liosta na ngnó fé ‘Grafton-street’ sa leagan leictreonach de *Thom’s almanac and official directory for the year 1862* ag <http://www.libraryireland.com/Dublin-Street-Directory-1862/627.php> (ceadaithe 21 Samhain, 2017). Tá nóta ar fhorhúilleog thosaigh M 88 a luann ‘cóip ee [= eile] R.B. Case 237 (114)’, i.e. cóip eile fós de *Scáthán Shacramúinte na hAithridhe*. Tá leathanach teidil clóite R B 237 ar iarraidh agus ceann lámhscríbhinne i ndúch dearg agus dubh curtha ina bheart.

21 Shoagraigh na Proinsiasaigh ar dhara heagrán an tsaothair seo a fhoilsiú i Lohháin timpeall 1614/15 (Mac Raghnaill 1976: xiv).

Lámhscríbhinn páipéir ón ochtú céad déag is ea LS 107 i mbailiúchán Uí Mhurchú atá i script thrír, ina measc script an fhile cháiliúil ón gClár, Aodh Buí Mac Cruitín a luadh níos túsce anseo. I ‘Léim an Eich i cContáe an Chláir i cCóige Mumhan’ i mbliain a 1712 a chuir sé a chuid oibre i gerích don ‘Ridire ró-oirdhruic Sir Donnchadh ó Briain’ (lch v)—Sir Donat nó an Ridire (1642–1717) mar a tugtaí coitianta air. Ná cuireadh sé iontas orainn, mar sin, gur duanaire de dhánta adhmholtacha in ómós do shinsir agus do ghaolta an Ridire (Brianaigh Dhál gCais) is ábhar dá leath (Ní Dheá 2004: 250–1). Tá nóta i dtús na lámhscríbhinne a deir gur cheannaigh ‘an brathair Doimínic mhac Daibhett’, Proibhinsial na bProinsiasach in Éirinn, in Inis í ‘do chonbhent Dhún na ngall. san bhliadhain Dáos an Tiagharna 1777’ (lch i). I measc na ndánta Brianacha anseo, tá caoineadh ar bhás Dhonnchadh Uí Bhriain éigin ó Léim an Eich, caoineadh a luaitear le Seán Mac Riagáin agus atá eisceachtúil go maith sa méid is go n-ionannaíonn an file é féin i línte tosaigh an dáin le Suibhne Geilt, é imithe le craobhacha ar fad anois agus é fanta i bhfolach ó cailleadh an Brianach:

Is mé Suibhne ar díoth mo chéille
is táim im gheilt ar ceilt re tréimhse
i ccoill diamhair iarthair Érionn,
do bhíos a-raoir ar thaoibh Chnuic Bhréanuinn.

Do bhíos i tTeamhair ar dheallradh gréine,
do fuaras bean ós feart a hénmhic
ar an bhfaiche bhfairsing bhféarghlais
ag gol go truagh uaigneach aonruic.
(LS M 107, lch 221, in Ó Cuív 1964–66: 291–3)

Is é is dóichí ná gur tagairt chliathánach atá sa chéad rann thuas do Ghleann na nGealt atá timpeall le cúig míle dhéag slí ó Chnoc Bhréanainn. Níl an chuma air go bhfuair Aodh Buí Mac Cruitín a thuilleadh pátrúntachta ó Sir Donat sa Chlár mar go raibh sé aistrithe go Baile Átha Cliath fé 1714 mar ar chuir sé cuid (b) de LS M 86 le chéile i Meán Fómhair na bliana san. Graiméar Gaeilge atá inti seo agus roinnt dánta, ina measc mórdhán polaitiúil an seachtú céad déag, *Tuireamh na hÉireann* Sheáin Uí Chonaill.

Scríbhinn ó láimh údair arís atá romhainn amach i LS M 85 le Donnchadh Rua Mac Conmara (1715–1810) a bhí i mbun pinn idir Aibreán agus Meitheamh na bliana 1758. Filfocht na Scol agus filfocht ó Cho. an Chláir is ábhar di seo, dánta dá chuid féin san áireamh, ina measc téacs a dháin bhreá *Eachtra Ghiolla an Amaráin*. Lámhscríbhinn shoiléir, dhea-scríbhthe eile nach miste a lua is

ea cuid (a) de M 58 ó láimh Phiarais Mhic Ghearailt (1709–c.1791) a deir linn gurbh in ‘aon tseachtmhuin amháin’ (Ich 69) a chuir sé le chéile í, ‘an t-ochtugh la den Mhídh Mheadhain²² annsa mbliaghúin daois ar Slánadh :1769: Sic transit Gloria Mundi’ (Ich 70), do bhean de mhuintir Bhuítléir ó Áth na Cise, taobh le Mala, Co. Chorcaí. Foinse thábhachtach ab ea í seo don dá eagrán ar dhánta an Ghearltaigh féin a d’fhoilsigh Risteárd Ó Foghludha (1905) agus Breandán Ó Cróinín (2015).

Is sa lámhscríbhinn chéanna seo (M 58(a)) atá an scéal rómánsúil *Mis agus Dubh Rois* a chuireann síos ar conas mar a chuaigh an spéirbhean Mis glan as a meabhair tar éis bhás a hathar i gCath Fionntrá; agus is ionann a tréithe buile agus ar bhain le gealt cháiliúil litríocht na Gaeilge a luadh ó chianibhín, Suibhne Geilt. Éiríonn le Dubh Rois an ghealt mná a thabhairt chun a céille arís le cumas seinnte a chruite (Ó Cuív: 1954). Tá cóip eile den scéal céanna le Mícheál Óg Ó Longáin i LS M 6, cuid de dhíolaim shubstaintúil téacsai dar teideal *An tAbhránuighe* a chuir sé i gcrích don Easpag Ó Murchú i mbliain a 1818. Is léir, áfach, nach cóip de théacs Phiarais Mhic Ghearailt i LS M 58 téacs Mhíchíl Óig i LS M 6—láimhseáil dá chuid féin is ea téacs an Longánaigh a fhágann amach an cuntas ar an gcoidreamh collaí idir Mis agus Dubh Ris, agus Mícheál Óg á mheas anseo, ní foláir, nárbh oiriúnach a leithéid dá léitheoir easpagóideach! Dála scríobhaithe trí chéile sa tréimhse dhéanach, ba nós leis an Longánach cur chuige an eagarthóra a ghlacadh chuige féin agus é i mbun scríbhneoireachta, ar chuma Thuileagna Uí Mhaoil Chonaire thuasluaite sa seachtú haois déag agus é i mbun oibre i Leabharlann an Bhodleian in Oxford.

Tá trí cinn de lámhscríbhinní i gcnósach Uí Mhurchú a bhreac an scoláire cáiliúil Seán Ó Murchú ‘na Ráithíneach’ (1700–62).²³ Ó Chnoc an Bhile ar chónagar Dhroichead na Bandan, Co. Chorcaí, ó dhúchas dó, agus bhí an-bhaint aige le cúirt éigse a thagadh le chéile i bparóiste Charraig na bhFear san ochtú céad déag. Chuir sé LS M 83 (cuid a) agus LS M 84 le chéile idir na blianta 1738 agus 1747.²⁴ Ghraf sé LS M 95 ‘do mhaighistir Seán Builléad a ccorca mhóir Múmhan’ (Ich 189), 1754–55, ag baint cuid dá bhfuil anseo

22 *Pace* Ó Fiannachta (1966c: 22), mí an Mheithimh seachas mí Mheán Fómhair atá i gceist anseo ní foláir; cf. Ó Cróinín 2015: 98, n. 57.

23 Tá na foinsí seo a leanas i Leabharlann an Ruiséalaigh óna láimh chomh maith: LS C 61 (1753) i gcnósach Uí Chomhraí, LS 75 (1761) i gcnósach Uí Reineacháin, agus LSÍ CF 24 (1760–61) agus CF 26 (1761). Cuid de bhailiúchán lámhscríbhinní a bhí tráth ar coimeád i gColáiste Cholmáin, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí, is ea an dá fhoinsé dheimhneacha seo, bailiúchán a aistriódh, fé mar a luadh níos túisce anseo, go Má Nuad i mbliain a 2013.

24 Agus é ag trácht ar na lámhscríbhinní Gaeilge i Leabharlann an Ruiséalaigh timpeall le cúig bliana fichead ó shin, mheas an Moinsíneoir Ó Fiannachta ag an am go raibh LS M 83 ‘ar iarraidh le fada’ (Ó Fiannachta 1993b: 179; Ó Fiannachta 1995: 36). Ní hamhlaidh atá: dhá lámhscríbhinn ceangailte fé aon chlúdach amháin atá anseo agus ‘Meditations Aloysius Irish M.S.’ in órlitreachta ar a dhrom; cf. an cuntas iomlán aige (1966c: 70–2).

‘a seinleabhar meamruim do scríobhadh cian ó shoin’ (lch 303).²⁵ Ní haon an-ionadh é, b’fhéidir, téacsáí cráifeacha a bheith i bhformhór an ábhair anseo nuair a chuimhnítear air gurbh iad an tAthair Conchúr Mac Cairteáin (*ob.* 1737) agus an tAthair Uilliam Mac Cairteáin (*ob.* 1724), dhá shagart a bhí lonnaithe i ngiorracht cúpla míle slí don scríobhaí, is mó a thugadh spreagadh agus cabhair dó i gcúrsaí scríbhneoireachta (Ó Conchúir 1982: 169–70). Cuireann an méid sin féin i gcúimhne dhúinn gur ghné thábhachtach de thraidisiún liteartha na Gaeilge ón ochtú céad déag ar aghaidh an coidreamh a bhí ag cléir na ndeoisí ar scríobhaithe agus ar fhilí araon.

Léiríonn LS M 103 dúinn go bhféadfadh lámhscríbhinn a cuireadh le chéile i dtuaisceart na tíre, de dhealramh, taisteal chomh fada ó dheas le Corcaigh.²⁶ Filíocht Ultach atá anseo chomh maith le téacsáí próis, *Táin Bó Cúailnge* (leagan Stowe) ina measc, a chuir Ardghaoill úa Hanluainn, *alias* Ardell Hanlon, le chéile sna blianta 1762–64. Ní heol conas go díreach a bhain sí seo cathair Chorcaí amach, ná fiú leabharlann an Easpag Seán Ó Murchú féin b’fhéidir, ach is dócha gurbh í an teagmháil a bhí suas idir bhailitheoirí áirithe lámhscríbhinní thuaidh is theas sa naoú céad déag ba chúis leis. Pé scéal aige sin é, a thúisce is a bhí an lámhscríbhinn seo Uí Anluain i gCorcaigh san am úd, bhí teacht ag lucht léinn na cathrach san ar théacs *Táin Bó Cúailnge*, muintir Longáin ina measc, cuirim i gcás, a bhfuil roinnt cóipeanna de breactha acu (Ní Úrdail 2000: 155–7).

Ar na scríobhaithe a bhí ag soláthar téacsáí lámhscríbhinne don Easpag Ó Murchú, níor leomhaite dhúinn gan tagairt go speisialta, gan amhras, do shaothar mhuintir Longáin. Is ó Mhícheál Óg, nó agus é i bpáirt le scríobhaithe eile (a bheirt mhac Peadar is Pól ina measc), atá seacht lámhscríbhinn déag ar fhichid tagtha anuas inniu i gcnósach Uí Mhurchú. Is í cuid (a) de LS M 57 an píosa scríbhneoireachta is túisce dár chuir an Longánach le chéile, de réir dealraimh, in áiteanna éagsúla i gCo. Chorcaí idir 1785 agus 1789. Ba dhóigh le duine ón nóta imill seo a leanas gur thuig sé go raibh mórán mór le foghlaim fós mar scríobhaí aige:

A léighthóir tuig gur tré amhghluicus do sgríbhhas so cómh holc—₇ ná heimdhearg mé air an abhar sin. Gaibh mo leithsgeal ₇ bíonn gach neach dall air ogcaidfighe mar seo, an tan nách fainn eolas. Mícheál ó Longáin 1786 (LS M 57(a), lch 13).

²⁵ Obair an Bhuilléadaigh, 1756, atá i gcuid dheiridh na lámhscríbhinne seo.

²⁶ Taispeáineann an siníú ‘John O Hagan Newry 15th May 1800’ (lch 72), sealbhóir na lámhscríbhinne, ní foláir, gurbh in Ultaibh a bhí sí i dtús an ochtú céad déag.

Tá sé inspéise go bhfuil cóip aige i gcuid (a) de LS M 57 den ngramadach *Elements of the Irish Language* a d'fhoilsigh Aodh Buí Mac Cruitín i Lohháin (1728). Deir sé sa cholafan gurbh é 'do ghráf sin chuim usáide féin' (lch 159), rud a thiofadh, dar ndóigh, lena thréimhse phromhaidh agus é ag tosnú amach ar a chúrsa mar scríobhaí. Nath cainte is ea é seo ag Mícheál Óg, áfach, a bhíonn in ócáid arís agus arís eile ina chuid lámhscríbhinní aige, rud a léiríonn dúinne inniu, is dóigh liom, cad é béim a chuir sé ar a bheith ag síorfhoghlaim agus ag cur barr feabhais i gcónaí ar a chéird mar scríobhaí.

Bhí an tEaspag Ó Murchú ar dhuine de na pátrúin ba thábhachtaí a bhí ag Mícheál Óg ó 1814 go ceann fiche bliain ina dhiaidh sin. Ní nach ionadh, ábhar spioradálta don chuid is mó a sholáthraigh sé don Easpag agus d'oibrigh sé mar aistritheor, leis, dó: mar shampla 1819–20, d'aistrigh sé go Gaeilge *The Sinner's Guide*, arbh aistriúchán é sin arís ón mbunsaothar Spáinnise *Guía de Pecadores* (1556) leis an diagaí Doiminiceánach Luis de Granada (1504–88). Ar aistriúchán Béarla, ní foláir, a bhí an Longánach ag tarrac. Tháinig an chéad aistriúchán Béarla amach, *The sinners guide, containing a full and ample exhortation to the pursuit of virtue*, i mbliain a 1702 i Londain, is cosúil, agus i gcéad uair i mBaile Átha Cliath i mbliain a 1740 don dfoltóir leabhar, Ignatius Kelly, 'Stationers Arms in Mary's lane'; chuir Patrick Wogan athchló ar fáil arís san ardchathair i mbliain a 1790 (Pollard 2001: 336, 632–4). I LSÍ M 36–8 atá an t-aistriúchán Gaeilge ar an saothar cráifeach seo.

Aistriúchán eile fós a chuir Mícheál Óg ar fáil don Easpag i mbliain a 1819 is ea *Beatha Anna de Nóglá* (LS M 44, lgh 211–68) ón tseanmóin Bhéarla leis an Easpag Caitliceach William Coppinger (*ob.* 1831) ar bhunaitheoir shiúracha na Toirbhirte i gcathair Chorcaí, Nano Nagle (1718–84). Foilsíodh an tseanmóin mar phaimfléad i gcathair Chorcaí i mbliain a 1794.²⁷ Sa chás seo, bhunaigh Mícheál Óg a chuid oibre ar 'an dara tabhairt amach', i.e. dara heagrán an tsaothair a foilsíodh i gcathair Chorcaí i mbliain a 1809 (Fenning 1996: 119), 'air fhurálmh an diadhaire dearrsgnuidh deaghshómplaidh .i. An Tathair Seághan ó Murchadha Easbog Chorcaí' (LS M 44, lch 211).

Focal scoir anois: suirbhé a cuireadh ar fáil anseo ar roinnt seod sna ceithre mórchnósaigh lámhscríbhinní Gaeilge i Leabharlann an Ruiséalaigh, Má Nuad.²⁸ Murach an dua a chaith an Moinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta leo agus,

²⁷ *The Life of Miss Nano Nagle, as sketched by the Right Rev. Dr. Coppinger in a funeral sermon preached by him in Cork, on the anniversary of her death*, a d'fhoilsigh clódóir cáiliúil Chorcaí, James Haly. Tá an t-aon chóip amháin atá tagtha anuas ar sábháil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann; cf. Fenning 1995: 142.

²⁸ Tá leaganacha digiteacha den bhformhór mór a pléadh anseo ar fáil ar Meamram Páipéar

fé mar a breacadh amach i dtús na haiste seo, murach ar chaith sé de dhua le mórán lámhscríbhinní eile Gaeilge nach iad sa bhaile is i gcéin, ba loimede go mór ár dtuiscint ar ár n-oidhreacht liteartha dhúchais é sin. Níl aon amhras ná gur dhein sé a chion féin go scolártha, agus go rábach, ar son léann na lámhscríbhinní Gaeilge. Bhí sé den tuairim ‘nach féidir labhairt le héifeacht ar litríocht na Gaeilge gan eolas éigin a bheith ag duine ar ár n-oidhreacht lámhscríbhinní’ (Ó Fiannachta 1993b: 177). Is áirithe gurbh fhéidir leis siúd labhairt le héifeacht uirthi, agus an méid sin, leis, le húdarás eisceachtúil.

GIORRÚCHÁIN

- ARÉ: Acadamh Ríoga na hÉireann, Baile Átha Cliath.
 B: Lámhscríbhinní breise, Leabharlann an Ruiséalaigh, Coláiste Phádraig, Má Nuad.
 C: Lámhscríbhinní Uí Chomhraí, Leabharlann an Ruiséalaigh, Coláiste Phádraig, Má Nuad.
 CF: Coláiste Cholmáin, Mainistir Fear Maí, Co. Chorcaí.
 LM: Lámhscríbhinní Uí Mhuireadhaigh, Leabharlann an Ruiséalaigh, Coláiste Phádraig, Má Nuad.
 M: Lámhscríbhinní Uí Mhurchú, Leabharlann an Ruiséalaigh, Coláiste Phádraig, Má Nuad.
 R: Lámhscríbhinní Uí Reineacháin, Leabharlann an Ruiséalaigh, Coláiste Phádraig, Má Nuad.
 RB: Rare Book, Leabharlann an Ruiséalaigh, Coláiste Phádraig, Má Nuad.

FOINSÍ

- Abbott, T. K., agus E. J. Gwynn (1921) *Catalogue of the Irish manuscripts in the Library of Trinity College Dublin*, cuid II. Baile Átha Cliath: Hodges Figgis & Co.
 Breathnach, Pól (1936) ‘Maynooth manuscript of Mac Fírbhisigh’, *The Irish Book Lover* 24, 38–9.
 Corish, Patrick J. (1995) *Maynooth College 1795–1995*. Baile Átha Cliath: Gill & Macmillan.
 Cuallacht Choluim Cille (1909) Éigse suadh is seanchaidh ... iar na chur in eagar ... ag comhdhaltaibh do Chuallacht Choluim Cille atá ag Maigh Nuadh. Baile Átha Cliath: Muintir Ghoill.

- de Brún, Pádraig (1988) *Lámhscríbhinní Gaeilge: treoirliosta*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.
- de Brún, Pádraig, agus Máire Herbert (1986) *Catalogue of Irish manuscripts in Cambridge libraries*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Dillon, Myles (1960) ‘Laud Misc. 610’, *Celtica* 5, 64–76.
- (1963) ‘Laud Misc. 610’, *Celtica* 6, 135–55.
- Fenning, Hugh (1995) ‘Cork imprints of Catholic historical interest 1723–1804: a provisional check-list’, *Journal of the Cork Historical and Archaeological Society* 100, 129–48.
- (1996) ‘Cork imprints of Catholic historical interest 1805–1830: a provisional check-list (part 2)’, *Journal of the Cork Historical and Archaeological Society* 101, 115–42.
- Gan ainm (1960) ‘St. Patrick’s College, Maynooth’, *University Review* 2/2 (Samhradh), 84–5.
- Jessop, Norma R., agus Christine J. Nudds (1982) *Guide to collections in Dublin libraries: printed books to 1850 and special collections*. Baile Átha Cliath: Reprint Limited.
- Keegan, Fintan (2017) “‘Gan cabhar ná anacal air fris na ciantaibh’”: lámhscríbhinní déanacha an Tuaiscirt i gcnuasach Mhá Nuad’, *Irisleabhar Mhá Nuad 2017*, 19–39.
- Lantry, Margaret (2018) ‘The library of Bishop John Murphy: patron and bibliomaniac’ in Pádraig Ó Macháin (eag.), *The Ó Longáin family: making manuscripts in Co. Cork*. Corcaigh: Cork University Press, aguisín.
- Long, Gerard (2011) ‘Institutional libraries and private collections’ in James H. Murphy (eag.), *Oxford History of the Irish Book IV. The Irish book in English 1800–1891*. Oxford: Oxford University Press, 281–97.
- Lucas, Peter J., agus Angela M. Lucas (2014) *The medieval manuscripts at Maynooth*. Baile Átha Cliath: Four Courts Press.
- Mac Domhnaill, An tAthair (1955) *Dánta is amhráin Sheáin Uí Ghadhra*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Mac Fhinn, Pádraig Eric (1924) ‘Lámhscríbhinní an Mhgr. Uí Ríordáin’, *An Róimh* 1/2, 44–5.
- McGuinne, Dermot (1992) *Irish type design: a history of printing types in the Irish character*. Baile Átha Cliath: Irish Academic Press.
- McInerney, Luke (2012) ‘A poem on the saints of Munster’, *Seanchas Ard Mhacha* 24/1, 10–22.
- Mac Raghnaill, Fearghal (1976) *An Teagasg Críosaíde. Bonaventua Ó hEodhasa, O.F.M. a chum*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.

- Millet, Benignus (1998) ‘Irishmen ordained at Prague, 1628–1700: additions and corrections to Mathäus Höslers list’, *Collectanea Hibernica* 39–40, 23–31.
- Ní Dheá, Eilís (1992) ‘Micheál Ó Raghallaigh: scríobhaí ó Inis Díomáin’, *The Other Clare* 16, 18–20.
- (2004) ‘Pátrúin agus pátrúintacht i gContae an Chláir san 18ú haois’, *Léachtaí Cholm Cille XXIV*, 236–56.
- Ní Shéaghdha, Nessa (1977) *Catalogue of Irish manuscripts in the National Library of Ireland*, fascúl IV. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.
- Ní Úrdail, Meidhbhín (2000) *The scribe in eighteenth-century Ireland: motivations and milieu*. Münster: Nodus Publikationen.
- Nic Dhonnchadha, Aoibheann (2016) ‘The Irish *Rosa Anglica*: manuscripts and structure’ in Liam P. Ó Murchú (eag.), *Rosa Anglica: reassessments*. Irish Texts Society Subsidiary Series 28. Baile Átha Cliath: Cumann na Scríbhneann nGaedhilge, 114–97.
- Ó Baoill, Colm (2007) ‘Scríobhaithe agus saothrú an léinn i dtuaisceart na hÉireann ó c.1300 i leith: tús taighde’, *Léann* 1, 77–91.
- Ó Conchúir, Breandán (1982) *Scríobhaithe Chorcaí 1700–1850*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.
- Ó Cróinín, Breandán (2015) *Piaras Mac Gearailt. A shaol agus a shaothar*. An Daingean: An Sagart.
- Ó Cuív, Brian (1954) ‘The romance of Mis and Dubh Ruis’, *Celtica* 2/2, 325–33.
- (1964–66) ‘Miscellanea’, *Éigse* 11, 287–95.
- (2001) *Catalogue of Irish language manuscripts in the Bodleian Library at Oxford and Oxford College Libraries*, imleabhar I. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.
- O’Donoghue, D[avid] J[ames] (1910) ‘Report of the Librarian on the Catholic University Library’, *Report of the President of University College Dublin for the session 1909–1910*. Baile Átha Cliath: Browne & Nolan, 49–52.
- O’Donovan, John (1856) *Annala Rioghachta Éireann. Annals of the Kingdom of Ireland by the Four Masters from the earliest period to the year 1616*, imleabhar IV. Baile Átha Cliath: Hodges, Smith & Co..
- Ó Dúshláine, Tadhg (1995) ‘The religious mind of Maynooth’s Gaelic manuscripts’ in Agnes Neligan (eag.), *Maynooth library treasures from the collections of Saint Patrick’s College*. Baile Átha Cliath: Acadamh Ríoga na hÉireann, 91–111.
- Ó Fachtna, Anselm (1967) *An Bheatha Dhiadha nó An tSlioghe Ríoghdha*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.

- Ó Fiannachta, Pádraig (1965) *Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig, Má Nuad*, fascúl II. Má Nuad: Cuallacht Choilm Cille.
- (1966a) *Táin Bó Cuailgne. The Maynooth manuscript*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.
- (1966b) ‘An O’Donovan source’, *Irish Ecclesiastical Record* 105, 127–8.
- (1966c) *Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig, Má Nuad*, fascúl III. Má Nuad: An Sagart.
- (1967) *Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig, Má Nuad*, fascúl IV. Má Nuad: An Sagart.
- (1968) ‘Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste na nGael sa Róimh’, *Studia Celtica* 3, 53–65.
- (1969) *Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig, Má Nuad*, fascúl VI. Má Nuad: An Sagart.
- (1969–70) ‘Lámhscríbhinní Gaeilge i Leabharlann Dheoise Chiarraí’, *Éigse* 13, 188–94.
- (1972) *Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig, Má Nuad*, fascúl VII. Má Nuad: An Sagart.
- (1973) *Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig, Má Nuad*, fascúl VIII. Má Nuad: An Sagart.
- (1974) *Léas ar ár litríocht*. Má Nuad: An Sagart.
- (1978a) *Clár lámhscríbhinní Gaeilge. Leabharlanna na cléire agus mionchnuasaigh*, fascúl I. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.
- (1978b) *An Barántas*. Má Nuad: An Sagart.
- (1980a) *Clár lámhscríbhinní Gaeilge. Leabharlanna na cléire agus mionchnuasaigh*, fascúl II. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.
- (1980b) ‘Aguisín: lámhscríbhinní breise’, *Léachtaí Cholm Cille XI*, 174–8.
- (1983) ‘Aguisín’, *Irisleabhar Mhá Nuad 1983*, 150.
- (1984) ‘Leathchúpla: Leabhar Mhuintir Ghaill Dhuibh’, *Irisleabhar Mhá Nuad 1984*, 161–6.
- (1986) ‘Fáltais nua’, *Léachtaí Cholm Cille XVI*, 230–4.
- (1987a) ‘Do Imtheachta Ghenerodeis’, *Irisleabhar Mhá Nuad 1987*, 187–235.
- (1987b) ‘Lámhscríbhinn Ghaeilge Ollscoil Notre Dame, Indiana’, *Irisleabhar Mhá Nuad 1987*, 274–6.
- (1988) ‘Dhá lámhscríbhinn eile’, *Léachtaí Cholm Cille XVIII*, 183–8.
- (1993a) ‘Lámhscríbhinn bhreise’, *Irisleabhar Mhá Nuad 1993*, 236–42.
- (1993b) ‘Lámhscríbhinní Gaeilge Mhaigh Nuad’, *Léachtaí Cholm Cille XXIII*, 177–99.

- (1995a) ‘Lámhscríbhinní Gaeilge an choláiste’ in Etaín Ó Síocháin (eag.), *Maigh Nuad: saothrú na Gaeilge 1795–1995*. Maigh Nuad: An Sagart, 36–48.
- (1995b) ‘Lámhscríbhinn eile ó Chontae an Chláir’ in Pádraig Ó Fiannachta (eag.), *Eoghan Ó Comhraí: saol agus saothar*. An Daingean: An Sagart, 132–44.
- Ó Foghludha, Risteárd (1905) *Amhráin Phiaraís Mhic Gearailt*. Baile Átha Cliath: Connradh na Gaedhilge.
- Ó Macháin, Pádraig (2010) ‘Tuileagna Ó Maoil Chonaire and the Book of Pottlerrath’, *Ossory, Laois and Leinster* 4, 244–8.
- (2013) “‘One glimpse of Ireland’: the manuscript of Fr Nicolás (Fearghal Dubh) Ó Gadhra OSA’ in Raymond Gillespie, Ruairí Ó hUiginn (eag.), *Irish Europe, 1600–1650. Writing and learning*. Baile Átha Cliath: Four Courts Press, 135–62.
- Ó Madagáin, Breandán (1974) *An Ghaeilge i Luimneach 1700–1900*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.
- Ó Maitiú, Ciarán (2013) ‘Secrets from south Derry: the historical background of *Eachtra an Ghruagaigh*’, *Seanchas Ard Mhacha* 24/2, 20–51.
- Ó Maonaigh, Caineach (1944) *Smaointe Beatha Chríost*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.
- Ó Muireadhaigh, Réamonn (1969) ‘Lámhscríbhinn ó Cho. Lú’, *Seanchas Ard Mhacha* 5/1, 128–32.
- (1970) ‘Lámhscríbhinn agus blúirí eile ó Mhainistir Bhuithe’, *Seanchas Ard Mhacha* 5/2, 397–400.
- (1974) ‘Lámhscríbhinn as Contae an Chláir sa Tuaisceart’, *Seanchas Ard Mhacha* 7/2, 259–62.
- Ó Muirí, Réamonn (2011) ‘The Gaelic manuscripts in the Ó Fiaich Library/Archive’, *Seanchas Ard Mhacha* 23/2, 66–75.
- Pollard, Mary (2001) *A dictionary of members of the Dublin book trade 1550–1800*. Oxford: Oxford University Press.
- Sadlier, Thomas (1915) ‘Great Irish book collectors’, *Irish Book Lover* 7 (Lúnasa), 1–3.
- Sayle, Charles (2014) *A catalogue of the Bradshaw collection of Irish books in the University library Cambridge II*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Sharpe, Richard (2013) *Roderick O’Flaherty’s letters to William Molyneux, Edward Lhwyd, and Samuel Molyneux, 1696–1709*. Baile Átha Cliath: Acadamh Ríoga na hÉireann.
- Simms, G[eorge] O[tto] (1969) ‘James Henthorn Todd’, *Hermathena* 109 (An Fómhar), 5–23.

